

Eíleamh ar Fhaoiseamh i leith Íocaíochtaí Cothabhála Infheidhmithe go Dlíthiúil

Cothabháil Infheidhmithe go Dlíthiúil

Tá an duine aonair i dteideal asbhainte agus an t-ioncam iomlán á ríomh maidir le híocaíochtaí cothabhála atá infhorghníomhaithe le dlí arna n-ioc le hiar-chéile nó le páirtí sibhialta.

Déantar íocaíochtaí cothabhála infheidhmithe go dlíthiúil faoi:

1. Ordú Cúirte
2. Gníomhas scartha
3. Riail Chúirte
4. Iontaobhas
5. Cúnant
6. Socrú ar bith eile - as a n-eascaíonn oibleagáid infheidhmithe go dlíthiúil

Cothabháil iar-chéile nó páirtí sibhialta

- Ní mór na híocaíochtaí a bheith ar bhonn comhlán
- Tá duine aonair i dteideal asbhainte agus é/í ag ríomh ioncain iomláin
- Tá cáin inghearrtha ar íocaíochtaí an fhaighteora (*féach eisceacht thíos)
- Déantar measúnú ar an dá pháirtí mar dhaoine aonair

Cothabháil Leanáí

- Ní thugtar aird dáiríre air seo chun críocha cánach
- Ní mór na híocaíochtaí a dhéanamh ar bhonn comhlán; ní cheadaítear asbhaint
- Níl an faighteoir inmhuirir do cháin ar an íocaíocht agus ní fhéachtar ar an íocaíocht mar ioncam an linbh

*Bonn eile do chothabháil infheadhmithe go dlíthiúil

Is féidir le lánúin a bhfuil comhaontú infhorghníomhaithe le dlí acu rogha chompháirteach i scríbhinn a dhéanamh am ar bith le linn na bliana cánach go gcaithfear leo mar lánúin phósta nó mar pháirtithe sibhialta chun críocha cánach.

Nuair a dhéantar roghnú dá leithéid:

- Ní thugtar aird ar íocaíochtaí cothabhála chun críocha cánach
- Measúnaítear an lánúin ar bhonn Measúnú ar Leith

Cothabháil Dheonach

Maidir le Cothabháil Dheonach:

- Níl duine aonair i dteideal asbhainte as an ioncam iomlán
- Ní mheasúnaítear an faighteoir i leith cánach ioncain ar na híocaíochtaí
- Déantar an dá chéile nó an dá pháirtí sibhialta a mheasúnú ar a n-ioncain féin mar dhaoine aonair singile

Tabhair faoi deara - Nuair a dhéanann céile nó páirtí sibhialta céile iar-chéile a chothabháil 'go hiomlán nó go príomha', .i. sáraíonn na híocaíochtaí cothabhála ioncam an iar-chéile, tá an céile nó an páirtí sibhialta sin i dteideal creidmheas cánach do dhaoine pósta a fháil ach ní bheidh banda ráta do dhaoine pósta nó do pháirtithe sibhialta dlite dó / dí.

Aisíocaí Cánach

Má bhaineann d'éileamh leis an **mbliaín chánach reatha** cuirfear teastas creidmheasa cánach leasaithe chugat agus íocfaidh d'fhostóir aon aisíoc atá dlite go díreach leat.

Má bhaineann d'éileamh le **bliain chánach roimhe** nó le **tréimhse dífostaíochta**, cuirfidh na Coimisinéirí loncain chugat go díreach aon aisíoc atá dlite. Is féidir aisíocaí cánach a íoc le seic nó a chur chuig do chuntas bainc.

Toisc gur féidir d'éileamh a roghnú lena iniúchadh amach anseo, iarrtar ort an doiciméadú ar fad faoin éileamh seo a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana.

Bailíonn na Coimisinéirí loncain cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí loncain ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí loncain ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí loncain